An Roinn Oideachais
Department of Education

Meastóireacht Scoile Uile: Bainistíocht, Ceannaireacht agus Foghlaim

TUAIRISC

Ainm na scoile	Gaelcholáiste Phort Láirge
Seoladh na scoile	Cúirt an Easpaig Baile Gunnair Port Láirge
Uimhir rolla/ Uimhir rolla	68078U
Dáta na cigireachta/ Dáta na Meastóireachta	27/02/2025
Dáta eisiúna na tuairisce	25/09/2025

Cad is meastóireacht scoile uile - bainistíocht, ceannaireacht agus foghlaim?

Déantar tuairisciú ar cháilíocht an teagaisc agus na foghlama agus ar cháilíocht na bainistíochta agus na ceannaireachta i scoil le linn Meastóireacht Scoile Uile – Bainistíocht, Ceannaireacht agus Foghlaim. Déantar dea-chleachtas a dhearbhú ann agus déantar moltaí, nuair is cuí, chun cabhrú le tuilleadh forbartha a dhéanamh ar sholáthar oideachais sa scoil.

Conas an tuarascáil seo a léamh

Le linn na cigireachta seo, rinne na cigirí meastóireacht agus tuairisciú faoi na ceannteidil nó na réimsí fiosrúcháin seo a leanas:

1. Cáilíocht na ceannaireachta agus na bainistíochta scoile
2. Cáilíocht an teagaisc agus na foghlama
3. Cáilíocht na tacaíochta d'fholláine na scoláirí

Déanann cigirí cur síos ar cháilíocht gach ceann de na réimsí seo ag baint úsáid as contanam cáilíochta na Cigireachta a thaispeántar ar an leathanach deiridh den tuairisc seo. Soláthraíonn an contanam cáilíochta samplaí den teanga a úsáideann cigirí agus iad ag déanamh meastóireacht agus ag cur síos ar cháilíocht sholáthar na scoile i ngach réimse. Tugadh deis do bhord bainistíochta na scoile ar a thuairim a léiriú ar thorthaí agus ar mholtaí na tuairisce i scríbhinn, agus beidh freagra an bhoird ar fáil san aguisín atá leis an tuairisc seo.

Gníomhartha na scoile chun leanaí a chosaint agus bulaíocht a chosc agus dul i ngleic léi

Le linn na cuairte cigireachta, rinneadh na seiceálacha seo a leanas maidir le nósanna imeachta cosanta leanaí agus frithbhulaíochta na scoile:	
Cosaint Leanaí	*Frithbhulaíocht*
1. Tá ainm an DIA agus an Ráiteas um Chumhdach Leanaí ar taispeáint go feiceálach gar dophríomhdhoras na scoile. 2. Tá an Ráiteas um Chumhdach Leanaí faofa ag an mbord agus áirítear ann athbhreithniú bliantúil agus measúnú ar riosca. 3. Thuairiscigh gach múinteoir ar tugadh cuairt orthu go bhfuil an Ráiteas um Chumhdach Leanaí léite acu agus go bhfuil siad ar an eolas faoina bhfreagrachtaí mar dhaoine faoi shainordú. 4. Tá an Ráiteas um Chumhdach Leanaí ag teacht lena n-éilítear faoi na Nósanna Imeachta um Chosaint Leanaí do Bhunscoileanna agus d'lar- Bhunscoileanna (athbhreithnithe 2023). 5. Tá tuairisc i dtaifid na dtrí chruinniú den bhord bainistíochta deiridh maidir le maoirseacht ar chosaint leanaí a chomhlíonann riachtanais na Nósanna Imeachta um Chosaint Leanaí do Bhunscoileanna agus d'lar-bhunscoileanna (athbhreithnithe	1. Tá polasaí frithbhulaíochta forbartha ag an scoil, a shásaíonn na *Gnásanna Frithbhulaíochta Bunscoile agus Iarbhunscoile (2013)* nó *Bí Cineálta (2024)* agus athbhreithnítear an polasaí seo go bliantúil. 2. Tá polasaí reatha frithbhulaíochta na scoile foilsithe ar a láithreán gréasáin agus/nó tá fáil go héasca air do bhaill an bhoird bainistíochta, do mhúinteoirí, do thuismitheoirí agus do dhaltaí/scoláirí. 3. Tá tionscnaimh chuí i bhfeidhm ag an scoil chun cultúr agus timpeallacht scoile dearfach agus uilechuimsitheach a chothú ag teacht lena bpolasaí reatha. 4. Tuairiscíonn na múinteoirí ar fad ar tugadh cuairt orthu go bhfuil polasaí reatha frithbhulaíochta na scoile léite acu agus go bhfuil siad feasach ar a róil agus a bhfreagrachtaí maidir le bulaíocht a chosc agus dul i ngleic léi.

2023). 6. Tá sé deimhnithe ag an mbord bainistíochta go bhfuil socruithe i bhfeidhm chun eolas a chur ar fáil do phearsanra uile na scoile maidir leis na Nósanna Imeachta um Chosaint Leanaí i mBunscoileanna agus in Iar-Bhunscoileanna (athbhreithnithe 2023). 7. Tá sé léirithe i ndoiciméid phleanála scoile go bhfuil soláthar iomlán á dhéanamh ag an scoil do ghnéithe ábhartha an churaclaim (OSPS, Bí Sábháilte, OCG). 8. Tá na taifid maidir le cosaint leanaí á gcoinneáil in áit shlán, dhaingean.	

Chomhlíon an scoil na riachtanais maidir le gach ceann de na seiceálacha thuas.

Meastóireacht scoile uile - bainistíocht, ceannaireacht agus foghlaim

Dátaí na cigireachta	25, 26 agus 27 Feabhra 2025
Gníomhaíochtaí cigireachta ar tugadh fúthu • Cruinniú leis an mbord bainistíochta • Cruinniú leis an bhfoireann ardbhainistíochta • Cruinnithe le croífhoirne • Athbhreithniú ar dhoiciméid ábhartha • Grúpa fócais scoláirí	• Cruinniú le tuismitheoirí • Anailísiú ar cheistneoirí tuismitheoirí, scoláirí agus múinteoirí • Breathnóireacht ar theagasc agus ar fhoghlaim • Athbhreithniú ar obair na scoláirí • Idirghníomhaíocht le scoláirí • Aiseolas don fhoireann ardbhainistíochta, don bhord bainistíochta agus do mhúinteoirí

Comhthéacs na Scoile

Is iarbhunscoil chomhoideachais a fheidhmíonn faoi choimirce an Fhorais Phátrúnachta é Gaelcholáiste Phort Láirge. Bunaíodh an scoil in 2007 chun freastal ar éileamh a bhí mórthimpeall ar chathair Phort Láirge d'oideachas iar-bhunleibhéil trí mheán na Gaeilge. Bhí an scoil fós lonnaithe i gcóiríocht shealadach ach bhí foirgneamh buan, a lonnófar ar shuíomh reatha na scoile, ar na bacáin. Is trí cinn de Ghaelscoileanna is mó atá mar bhunscoileanna friothálacha. Ba é 157 an rollachán aimsir na cigireachta. Tá an tSraith Shóisearach, an Idirbhliain (roghnach) agus an Ardteistiméireacht (bhunaithe) á soláthar mar chláir churaclaim sa scoil.

Achoimre ar na príomhchinntí agus ar na príomh-moltaí:

Cinntí

- Bhí cáilíocht an teagaisc, na foghlama agus an mheasúnaithe go maith ar an iomlán. Breathnaíodh cleachtas a bhí sa raon idir measartha agus an-rathúil.
- Ba mhinic a sonraíodh eispéiris foghlama a bhí taitneamhach don scoláire agus ina raibh an comhoibriú lárnach.
- Cé gur breathnaíodh cleachtais fhónta mheasúnaithe le linn ceachtanna áirithe, réimse chun feabhais ab ea an measúnú ar obair scríofa, aiseolas foirmitheach san áireamh**.**
- Bhí cáilíocht na ceannaireachta agus na bainistíochta go maith. Údar suntais ab ea a fhorleithne is a bhí úsáid teicneolaíochtaí digiteacha agus an obair i gcomhar le linn ceachtanna.
- Bhí iarrachtaí inmholta déanta ag bainistíocht na scoile chun leithne an churaclaim a dheimhniú; bhí moladh ag dul don bhfoireann teagaisc as a gcuid toilteanais dul i ngleic le réimsí nua foghlama mar thaca leis seo.
- In ainneoin na bhforbairtí luachmhara a bhí déanta le tamall agus a rachaidh chun sochair scoláirí amach anseo, ba ghá gnéithe den soláthar mar a bhain le tacaíocht d'fholláine scoláirí a fheabhsú.

Moltaí

- Ionas go mbeadh an tionchar is gá ag moltaí na tuairisce seo i réimse an teagaisc, na foghlama agus an mheasúnaithe, ba cheart do mhúinteoirí tabhairt faoin bpleanáil ábhair go córasach comhoibritheach agus ar shlí a spreagann machnamh ar chuir chuige atá éifeachtach agus oiriúnach dá bhfoghlaimeoirí uile.
- Is gá freagrachtaí ceannaireachta agus bainistíochta na scoile, maille lena réimsí gnímh, a dháileadh ar bhonn níos cothroime thar na baill éagsúla d'fhoirne ardbhainistíochta agus meánbhainistíochta na scoile. Chuige seo, moltar go stiúródh an bord bainistíochta próiseas

athbhreithnithe d’fhonn réimsí freagrachta na meánbhainistíochta a ailíniú níos fearr le mórthosaíochtaí forbartha na scoile.
- Chun díriú ar na réimsí feabhais a aithníodh i dtaca le tacaíochtaí d’fholláine scoláirí, ba chóir go mbainfeadh na ceannairí scoile atá freagach as an ngné seo den soláthar leas as an bpróiseas féinmheastóireachta scoile (FMS) chun gníomhartha, a bheidh le haithint sa ghnátheispéireas ranga, a bheartú agus a chur i ngníomh ar bhonn scoile uile.

Cinntí agus moltaí mionsonraithe

1. Cáilíocht an teagaisc agus na foghlama

Bhí cáilíocht an teagaisc, na foghlama agus an mheasúnaithe go maith ar an iomlán.

Torthaí agus eispéiris na bhfoghlaimeoirí

Bhain cáilíocht mhaith leis na torthaí agus eispéiris foghlama sa chuid ba mhó de na ceachtanna. Breathnaíodh cleachtas a bhí an-rathúil i líon beag ceachtanna agus cleachtas ar ghá a fheabhsú i líon íseal eile.

Formhór an ama, b’eispéiris thaitneamhacha a bhí sna gníomhaíochtaí ranga sa mhéid is go raibh deiseanna rialta ag scoláirí comhoibriú lena chéile. Sna cásanna seo, bhí scoláirí lánchumasaithe chun tabhairt faoin gcomhfhoghlaim agus bhí teanga na hidirghníomhaíochta sealbhaithe acu. Thug scoláirí le fios sa bhfócasghrúpa, agus ina bhfreagairt ar an suirbhé, gur minic a d’oibrigh siad le chéile le linn ceachtanna. Tá moladh ag dul do na múinteoirí as a gcuid scoláirí a chumasú chun comhoibriú go héifeachtach lena chéile.

Ba mhinic teicneolaíochtaí digiteacha in úsáid chun an comhoibriú idir scoláirí a éascú. Bhí na scoláirí an-chompordach le comhtháthú na dteicneolaíochtaí digiteacha san eispéireas ranga agus bhí a gcórais féin forbartha ag cuid acu chun eagar a choimeád ar an ábhar digiteach a bhí cnuasaithe acu. Ba léir, áfach, go raibh gá ag scoláirí áirithe, scoláirí sóisir go speisialta, le breis cúnaimh sa réimse seo.

Tugadh suntas d’ullmhacht na scoláirí chun foghlama i gcoitinne. Chabhraigh rangsheomraí prionta-shaibhre le timpeallacht foghlama chuí a chruthú. Sna cásanna ba rathúla, baineadh leas as na noda foghlama, agus an léargas ar réamhfhoghlaim a bhí ar taispeáint sa rangsheomra, chun rannpháirtíocht bhríoch scoláirí a spreagadh agus a choimeád.

Labhair scoláirí go dearfach faoin gcaoi ar spreag dúshlán sa bhfoghlaim iad chun rannpháirtíochta. Bhí comhthuiscint idir na scoláirí agus a gcuid múinteoirí ar an luach a ghabh le gníomhaíochtaí foghlama téagartha. Sna cásanna inarbh léir go raibh scoláirí cumasaithe le freagracht a ghlacadh as a gcuid foghlama, thug siad faoin obair as a stuaim féin agus ag leibhéal a d’oir dá gcumas. Breathnaíodh na scoláirí seo ag tagairt dá réamhfhoghlaim, ag soiléiriú dá chéile nó ag lorg comhairle ón múinteoir nuair ba ghá. B’fhiú an fhéinmhuinín seo a chothú trasna na gceachtanna uile. Chuige seo ba chóir scafláil chuí a dhéanamh ar an eolas a chuirtear faoi bhráid scoláirí agus ar shreabhadh na ngníomhaíochtaí.

Sna ceachtanna ab éifeachtaí, bhí torthaí na foghlama do scoláirí ag teacht lena gcumas i gcoitinne. Sna cásanna seo, bhí an chaoi ar cuireadh eolas faoi bhráid scoláirí, agus ar iarradh orthu a gcuid foghlama a léiriú, ailínithe lena n-inniúlachtaí aonair agus lena réimsí spéise. Ba mhinic go raibh údar ag múinteoirí moladh a thabhairt do scoláirí as a gcuid iarrachtaí agus as toradh a gcuid rannpháirtíochta i ngníomhaíochtaí. B’éifeachtaí an cleachtas seo nuair a bhí sé fréamhaithe i gcritéir ratha a sonraíodh sular thug scoláirí faoin obair ranga.

Cleachtas aonair agus comhchoiteann na múinteoirí

Bhí cáilíocht mhaith ag baint le cleachtas aonair na múinteoirí sa chuid ba mhó de na ceachtanna. Cé gur breathnaíodh cleachtas a bhí an-rathúil i líon beag ceachtanna, aithníodh an measúnú foirmitheach ar obair scríofa scoláirí agus an phleanáil ábhair mar réimsí chun feabhais a bhí forleathan go leor.

Bhí cleachtas an cheachtna an-éifeachtach nuair ba léir ó thús go raibh ionchais arda á léiriú ag múinteoirí i dtaca le rannpháirtíocht agus gnóthachtáil na scoláirí uile. Ba mhinic a roinneadh intinní foghlama le scoláirí ag tús an cheachta. Sna cásanna ba rathúla, cuireadh na hintinní foghlama faoi bhráid scoláirí ar shlí a shoiléirigh an dul chun cinn a bhí beartaithe agus an fheidhm a ghabh leis an bhfoghlaim inmhianaithe. B'fhearr fós an cleachtas nuair a d'fhill múinteoirí ar na hintinní foghlama ag amanna trátha le linn an cheachta. Thacaigh sé seo le gafacht scoláirí san obair mar gur mheabhraigh sé dóibh cá raibh a dtriall san fhoghlaim. I roinnt bheag cásanna, níor glacadh dóthain ama ag tús ceachta le deimhniú go raibh scoláirí soiléir faoin bhfoghlaim a bhí beartaithe rud a chruthaigh deacrachtaí níos déanaí agus scoláirí ag iarraidh naisc a dhéanamh le réamhfhoghlaim nó eolas nua a thuiscint.

Den chuid ba mhó, bhí cáilíocht na Gaeilge a bhí mar eiseamláir ag scoláirí go maith nó ós a chionn sin. I bhformhór na gceachtanna, bhí an inniúlacht ba ghá ag na múinteoirí chun idirghníomhú go héifeachtach agus go leanúnach le scoláirí trí mheán na Gaeilge. Bhí teanga acadúil an ábhair ar a dtoil ag an chuid ba mhó de na múinteoirí agus rinne cuid díobh cúram cuí d'fhorbairt scileanna litearthachta Gaeilge scoláirí trí aird a dhíriú ar eochairfhocail agus ar shaintéarmaíocht. Bhí ardmholadh ag dul don chleachtas nuair a rinneadh cúram cuí d'fhorbairt chomhuaineach ar eolas, nó scileanna, a bhain leis an ábhar agus ar theanga an ábhair. I gcás líon beag ceachtanna, de bharr easpa inniúlachta an mhúinteora sa Ghaeilge, ní fhéadfaí eispéiris lántumtha a dheimhniú do na scoláirí.

Bhí cuir chuige scoláire-lárnacha in úsáid go forleathan. Chuir éagsúlacht na scileanna a bhí á gcleachtadh ag scoláirí le linn gníomhaíochtaí foghlama le dearfacht na n-eispéireas, go háirithe nuair a bhí cothromaíocht idir obair aonair agus obair i gcomhar, idir obair scríofa agus obair ó bhéal, idir tascanna taighde agus tascanna cruthaitheacha. Bhain scoláirí taitneamh as tabhairt faoi ghníomhaíochtaí go fisiciúil nó le teicneolaíochtaí digiteacha.

Cé go raibh na gníomhaíochtaí foghlama an-éifeachtach i roinnt cásanna, aithníodh gá amanna len iad a dhearadh ar chaoi a gcuirfeadh an fhoghlaim chun cinn in áit scoláirí a choimeád gníomhach amháin. I gcásanna áirithe, léiríodh do scoláirí an chuma a bheadh ar obair a dhéanfaí go críochnúil, sular thug siad faoi thascanna áirithe: ba chóir an dea-chleachtas seo a leathnú agus d'fhéadfaí leas níos forleithne a bhaint as critéir ratha chuige.

Ní i gcónaí a d'oir na cuir chuige teagaisc do riachtanais scoláirí áirithe. Maidir le scoláirí ag a raibh riachtanais aitheanta, ba cheart do mhúinteoirí tuiscint níos iomláine a fháil ar na nithe a thugann misneach dóibh chun tabhairt faoi dhúshlán foghlama agus ar na nithe a mhaolaíonn ar a bhfonn rannpháirtíochta. Moltar don fhoireann teagaisc leas a bhaint as an bpleanáil ábhair chun na cuir chuige is éifeachtaí a fhiosrú agus na heispéiris teagaisc, foghlama nó measúnaithe is fónta a dhearadh lena chéile.

Cé go ndearna múinteoirí monatóireacht ar scoláirí agus iad ag tabhairt faoi ghníomhaíochtaí, bhí scóip ann in go leor cásanna chun aiseolas ní ba shonraithe a thabhairt ar cháilíocht na hoibre. Thug na scoláirí le fios, sa ghrúpa fócais, go gcabhródh sé leo dá ndéanfadh cuid dá múinteoirí breis measúnaithe ar a gcuid obair scríofa. Aithníodh féidearthachtaí freisin i dtaca le níos mó spáis a chruthú le linn ceachtanna do mhachnamh ar éifeachtacht na foghlama, bíodh sé ag leibhéal an scoláire nó ag leibhéal an mhúinteora.

2. Cáilíocht na ceannaireachta agus na bainistíochta scoile

Bhí cáilíocht na ceannaireachta agus na bainistíochta go maith, le gnéithe áirithe den bhfeidhmiú a bhí go han-mhaith.

Ceannaireacht ar fhoghlaim agus ar theagasc

Bhí fís láidir ag ceannairí na scoile oideachas trí Ghaeilge, ina bhforbraítear an scoláire go hiomlánaíoch, a sholáthar. Léirigh ardbhainistíocht na scoile tuiscint ar na toscaí praiticiúla a thacódh le fíorú na físe seo chomh maith le tiomantacht lena baint amach. Ba mhór ag pobal na scoile leithne na físe seo, go háirithe an aird a díríodh ar an gcóir shóisialta agus ar an ionchuimsitheacht.

Soláthraíodh curaclam réasúnta leathan ina raibh rogha maith ábhar, in ainneoin rollachán íseal na scoile. Bhí moladh faoi leith ag dul don fhoireann teagaisc as a bheith sásta agus ábalta dul i ngleic le raon ábhar a theagasc. Labhair scoláirí agus tuismitheoirí go han-dearfach faoi chlár na hIdirbhliana, go háirithe faoi fhiúntas agus éagsúlacht na n-eispéireas. Thaitin an blaiseadh de chuid de na hábhair Ardteistiméireachta go mór leo. Ba cheart an deis seo a chur ar fáil ar bhonn níos córasaí. Tugadh suntas freisin don chothromaíocht sa rogha ábhar ar chlár na hArdteistiméireachta. Chaith an príomhoide agus an bord bainistíochta (an bord) dua nach beag le hearcú múinteoirí agus le baill foirne a spreagadh chun cur lena scileanna gairmiúla, bídís ag cur lena n-inniúlacht sa Ghaeilge nó ag tabhairt faoi oiliúint i sainréimse eile a rachadh chun sochair na scoláirí.

Ba mhaith an ní é go raibh cíoradh ar ghné éigin den gcleachtas ranga mar mhír sheasta ar chlár na gcruinnithe foirne agus go raibh an teagasc agus an fhoghlaim á bplé ag cruinnithe an bhoird . Bhí ciall agus luach ag baint leis na cleachtais a bhí á gcur chun cinn, mar a breathnaíodh i gcuid de na ceachtanna. Mar sin féin, bhí teora lena gcur i bhfeidhm agus le cumas cheannairí na scoile ar iad a fhorleathnú toisc na hathruithe leanúnacha ar an bhfoireann teagaisc. Cé go raibh léargas ar go leor de na straitéisí a d'eascair as an gcomhphlé seo i lámhleabhar an mhúinteora, ba dheacair a gcur i bhfeidhm a neadú nó monatóireacht a dhéanamh ar a n-éifeachtúlacht. Ábhar frustrachais ab ea é seo do phobal na scoile, go mór mhór do scoláirí de bharr an easpa comhsheasmhachta a bhain lena n-eispéiris foghlama ó bhliain go bliain, ó thaobh cur chuige teagaisc de.

Mar iarracht ar an dúshlán áirithe seo a cheansú, ba chóir tógáil ar na naisc atá cruthaithe le múinteoirí i scoileanna eile a fheidhmíonn trí Ghaeilge. B'fhiú do cheannairí, ag gach leibhéal d'fheidhmniú na scoile, féidearthachtaí a fhiosrú i dtaca le buíonta múinteoirí (agus scoláirí) a thabhairt le chéile. Meastar go n-ardódh seo spiorad na foirne sa ghearrthréimhse agus go gcuirfeadh sé breis múinteoirí ag machnamh ar éifeacht a gcleachtas mar a bhaineann sé le rannpháirtíocht rathúil a gcuid scoláirí uile sa bhfoghlaim. Ina theannta seo, d'fhéadfadh go spreagfadh sé an t-athbhreithniú is gá a dhéanamh ar an ndearadh d'eispéiris teagaisc, foghlama agus mheasúnaithe mar chuid den phleanáil ábhair.

An eagraíocht a bhainistiú

Thuig an bord na freagrachtaí a ghabh lena réimsí cúraim féin agus ghlac siad leo go dáiríre. Léirigh an bord tiomantas an-láidir do thodhchaí na scoile agus bhí fonn ar na baill cumas na scoile chun freagairt d'athruithe a neartú. Thuig siad freisin a leithne is a bhí réimsí cúraim na hardbhainistíochta, thacaigh siad go praiticiúil le gnéithe den obair seo agus bhí siad sásta rudaí nua cruthaitheacha a thriail.

Reáchtáladh cruinnithe an bhoird go córasach. Chabhródh nasc níos treise idir baill an bhoird agus na scoláirí le forbairt na scoile agus ba chóir an mheicníocht d'fhorbairt polasaithe a leathnú le go mbeadh guth níos láidre ag scoláirí i gcinntí a bhaineann leo.

Bhí an-chomhoibriú idir an príomhoide agus an príomhoide tánaisteach. Chuir a gcuid scileanna aonair go mór lena n-éifeachtúlacht mar fhoireann ardbhainistíochta agus rinne siad an-chúram d'fheidhmiú laethúil na scoile. Bhí an-eagar ar chúrsaí riaracháin agus bhí deas-ghnátha cumarsáide forbartha chun múinteoirí agus tuismitheoirí a choimeád ar an eolas. Bhí an-taithí ag an bpríomhoide ar an ról agus é mar rún daingean aici agus ag an bpríomhoide tánaisteach leas na scoláirí a chaomhnú.

Ag leibhéal na meánbhainistíochta, bhí dualgais na bpostshealbhóirí ag freagairt do riachtanais aitheanta. Mar sin féin, ba léir nach raibh an tionchar ba ghá ag cuid den obair seo, go háirithe i réimse na folláine. Is gá féachaint in athuair ar na dualgais atá luaite leis na róil agus iad a ailíniú le mórthosaíochtaí forbartha na scoile. Ba cheart na dualgais a shimpliú le go mbeadh scóip ag na postsealbhóirí tabhairt faoina bhfreagrachtaí gairmiúla ar shlí a fhreagródh dá sainscileanna féin.

In ainneoin na srianta suntasacha a bhain le bheith ag feidhmiú as cóiríocht shealadach, tugadh an-aird do chúrsaí sábháilteachta. Ba i dtimpeallacht ordúil agus muinteartha a bhí pobal na scoile ag idirghníomhú lena chéile. Chabhraigh na sosanna scaoilte le bainistiú na scoláirí agus spreag na múinteoirí a bhí ag feitheoireacht iad chun a gcuid Gaeilge a úsáid. Bhí iarracht inmholta déanta ar na spásanna sóisialta a choimeád tarraingteach.

Forbairt scoile a threorú

Údar mórtais ag an scoil ab ea an fhís a bhí acu do chomhtháthú teicneolaíochtaí digiteacha i ngach gné de shaol na scoile agus go háirithe san eispéireas foghlama. Bhí leas éifeachtach bainte as an bpróiseas FMS chun forbairtí suntasacha a dhéanamh. Ba phróiseas feabhsúcháin rathúil é seo sa mhéid is go ndearnadh an cúram cuí do riachtanais ghairmiúla na múinteoirí a bheadh freagrach as cur i bhfeidhm na n-athruithe.

Bhí caomhnú ar úsáid na Gaeilge mar theanga na scoile mar thosaíocht leanúnach. Cé go ndearnadh gach iarracht múinteoirí le Gaeilge a earcú, bhí múinteoirí ar an bhfoireann arbh éigean dóibh tógáil ar a leibhéal inniúlachta sa Ghaeilge nuair a ceapadh iad. Bhí dul chun cinn maith déanta ag go leor de na múinteoirí seo agus ba chabhair é go raibh deiseanna rialta acu ar an nGaeilge a úsáid le comhghleacaithe a raibh an teanga ar a dtoil acu.

Tuigeadh an luach a ghabh leis an gcomhpháirtíocht le heagraíochtaí eile chun gnéithe den soláthar a shaibhriú. Chuir na naisc seo go mór le cáilíocht na n-eispéireas foghlama san Idirbhliain. Aithníodh, go háirithe, ról na scoile i gcruthú agus i gcaomhnú pobal labhartha Gaeilge i gceantar Phort Láirge.

Bhí oscailteacht ar an bhfoireann maidir le rudaí nua a thriail. Glacadh le meastóireachtaí cigireachta mar dheis chun foghlama agus comhphlé agus bhí céimeanna glactha chun moltaí ó chigireachtaí roimhe a chur i bhfeidhm.

Acmhainn na ceannaireachta a fhorbairt

Cé go raibh múinteoirí mar bhaill de choistí éagsúla inscoile, ní raibh ag éirí leis an gcur chuige seo an t-athrú ba ghá a chur i bhfeidhm. D'fhéadfadh gurbh é an líon mór de choistí, nó na síorathruithe ar an bhfoireann teagaisc ó bhliain go bliain, ba chúis leis seo. Moltar go n-éascófaí comhrá scoile uile ar mhórthosaíochtaí forbartha na scoile agus go mbainfí leas as an bpróiseas FMS chun na réimsí gnímh is práinní a aithint. Is den tábhacht é go nglacfadh an fhoireann meánbhainistíochta seilbh ar dhearadh agus ar chur i bhfeidhm na mbeart ar a gcinnfear agus go n-oibreoidís go dlúth leis an ardbhainistíocht sa mhonatóireacht ar a gcur i bhfeidhm. Dá soiléire na réimsí gnímh, is fusa a bheidh sé do mhúinteoirí nua luí isteach le nósanna imeachta na scoile. Ba eiseamláir an-mhaith ar an gcur chuige seo, agus ar acmhainn na scoile athruithe a bhainistiú go córasach, an dul chun cinn a rinneadh i réimse na dteicneolaíochtaí digiteacha.

D'aithin an fhoireann an tionchar a d'imir a bpiaraí ar iompar agus ar smaointeoireacht na scoláirí. Rinneadh tréaniarracht ar chroíluachanna na scoile i dtaca leis an gcóir shóisialta, leis an gcineáltas agus leis an nGaeilge a chothú iontu agus bhí a rian le haithint sna dea-chaidrimh a bhí le sonrú i dtimpeallacht na scoile. Thug ionadaíocht ar chomhairle na scoláirí deis do na scoláirí a toghadh a bheith gníomhach in imeachtaí scoile éagsúla. É seo ráite, bhí scóip ann chun ról ceannaireachta a thabhairt do scoláirí i bhforbairt na scoile. Chabhródh sé leo tuiscint níos fearr a fháil ar an gcód iompair agus ar an bpolasaí nua éide scoile dá mbeidís níos rannpháirtí sa chomhphlé a bhí laistiar de na cinntí a glacadh. Aithníodh féidearthachtaí freisin i dtaca le comhairle na scoláirí a bheith mar shiocair athraithe.

Bhí comhairle na dtuismitheoirí dílis don scoil agus tiomanta dá todhchaí. Thuig baill na comhairle na dúshláin a bhain le bainistiú na scoile i gcóiríocht shealadach le rollachán íseal agus tugadh suntas don chaoi ar thacaigh siad go gníomhach le nithe praiticiúla. Léirigh freagairt na dtuismitheoirí ar an suirbhé go raibh siad tógtha leis an gcaoi ar chabhraigh an scoil le forbairt a bpáistí i gcoitinne.

3. Cáilíocht na tacaíochta d'fholláine na scoláirí

Bhí gá le feabhas chun caighdeán maith a bhaint amach i dtaca leis an tacaíocht d'fholláine na scoláirí. Cé gur thuig an fhoireann teagaisc na toscaí riosca, ní raibh an éifeacht ba ghá ag baint le córais ná gníomhaíochtaí sa réimse seo. Mar thoradh air seo, agus mar a thug scoláirí le fios sa suirbhé agus le linn an ghrúpa fócais, bhí líon nach beag scoláirí doiléir faoin gcúnamh a d'fhéadfadh an scoil a thabhairt dóibh.

Sa tsraith shóisearach, anuas ar ranganna sa Chorpoideachas, san Oideachas Sóisialta, Pearsanta agus Sláinte agus san Oideachas Saoránach, Sóisialta agus Polaitiúil, bhí leas á

bhaint as an 400 uair a chloig don bhFolláine do rang Ríomhairí sa chéad bhliain, do ranganna i gCultúr na Gaeilge sa chéad agus sa dara bliain, agus do thréimhse tionóil uair sa tseachtain. Le go mbeadh breis éifeachta ag na hionchuir éagsúla seo, is gá go mbeidís ar fad ag eascairt as fís scoile uile i dtaca le bláthú scoláirí, fís ina mbeidh féiniúlacht na scoláirí mar úsáideoirí Gaeilge mar shaintréith. Moltar go n-úsáidfí an próiseas FMS le guth phobal na scoile uile i gcomhchruthú na físe seo a dheimhniú. Is den tábhacht é go nglacfadh gach ball de phobal na scoile seilbh ar an bpróiseas feabhsúcháin seo.

Bhí obair fhónta ar siúl chun cur le cumas na foirne freastal ar scoláirí ag a raibh riachtanais speisialta oideachais trí cheardlanna le haoi-chainteoirí agus trí phlé ghairmiúil ag cruinnithe foirne. Bhí srian, áfach, le héifeacht na hoibre seo. D'fhéadfadh líon na n-athruithe ar an bhfoireann teagaisc a bheith ag imirt tionchair ar éifeachtacht na gcur chuige.

Bhí níos mó ná leath de na múinteoirí ag soláthar gné éigin den tacaíocht foghlama i suíomh aistharraic. Go hiondúil, ba thacaíocht sa Mhatamaitic nó sa Bhéarla le grúpa beag scoláirí a bhí i gceist. I bhfianaise na ndúshlán a chruthaíonn go leor dá riachtanais do scoláirí trasna an churaclaim, b'fhiú leas níos leithne a bhaint as na múnlaí éagsúla buíonteagaisc.

Bhí cáilíocht i riachtanais bhreise oideachais bainte amach ag ball den bhfoireann teagaisc le déanaí. B'fhiú anois an deis a thapú chun an múnla soláthair reatha a athbhreithniú agus na huaireanta tacaíochta a dhíriú ar na riachtanais is mó a chuireann bac le foghlaim éifeachtach na scoláirí atá ar phlean soláthair na scoile. Tá gá freisin le próiseas níos iontaofa chun eolas ar riachtanais scoláirí, agus na straitéisí is éifeachtaí chun tacú leo sa rang, a roinnt le múinteoirí tacaíochta agus leis na múinteoirí príomhshrutha. Ba cheart monatóireacht a dhéanamh ar dhul chun cinn na scoláirí seo agus a gcuid tacaíochtaí a leasú bunaithe ar dhul chun cinn i dtaca le spriocanna a beartaíodh.

Eagraíodh go leor imeachtaí a raibh sé mar aidhm leo folláine na scoláirí a chaomhnú. B'iomaí seachtain i rith na scoilbhliana a raibh téama faoi leith luaite léi. Eagraíodh rogha leathan imeachtaí, go minic i gcomhpháirt le heagraíochtaí nó scoileanna eile chun dea-chaidrimh a chothú. Aithníodh go forleathan an chaoi a ndeachaigh club iarscoile na chéad bhliana, agus an bhéim le linn na hidirbhliana ar an gcóir shóisialta, go mór chun leasa na scoláirí.

Forbairt a rachaidh chun sochair na scoile is ea é go bhfuil treoirchomhairleoir ar an bhfoireann anois. Leis an saineolas breise seo sa scoil, bheadh sé tráthúil athbhreithniú a dhéanamh ar an bpleanáil don Treoir Scoile Uile agus na rólanna atá ag daoine agus grúpaí éagsúla sa réimse freagrachta seo a shainaithint. Is den tábhacht é go mbeadh gach scoláire ar an eolas faoin gcaoi a bhfeidhmíonn córas cúraim na scoile agus go mbeadh muinín acu as iontaofacht an chórais seo, maille le cód iompair na scoile. Ina theannta seo, bheifí ag súil leis go mbeadh comhthuiscint idir bhaill fhoirne ar na nithe is mó a ghoilleann ar scoláirí, ar na cúiseanna a ghabhann leo agus ar na slite ar féidir leo na nithe seo a chúiteamh ag leibhéal an tseomra ranga.

Tuigeadh go forleathan an tionchar a bhí ag folláine na foirne ar fheidhmniú éifeachtach na scoile. Mar thaca leis seo, reáchtáladh eispéiris foghlama gairmiúla a dhírigh ar réimsí spéise agus ar riachtanais ghairmiúla na foirne. Ba mhinic, le tacaíocht an bhoird, a eagraíodh imeachtaí sóisialta mórthimpeall ar na hócáidí seo. Bhí sé mar ghnáthchleachtas ag cruinnithe boird buíochas a ghabháil leis an bhfoireann teagaisc as gach a rinne siad ar son na scoile.

Aguisín

Freagra na Scoile ar an Tuairisc

Arna chur isteach ag an mBord Bainistíochta

Cuid A: Tuairimí ar ábhar na tuairisce scoile

Té an tuairisc chigireachta pléite ag an bhfoireann agus ag an mBord Bainistíochta. Glacann an Bord leis na moltaí a tugadh sa chigireacht agus tá an fhoireann agus an Bord ag tabhairt aghaidh ar na moltaí sin a chur i gcrích anois.

Cuid B: Gníomhartha leantacha a rinneadh nó atá beartaithe le déanamh ó cuireadh críoch leis an ngníomhaíocht chigireachta chun tátail agus moltaí na cigireachta a chur I bhfeidhm

(Folamh)

Contanam Cáilíochta na Cigireachta

Déanann cigirí cur síos ar cháilíocht an tsoláthair sa suíomh ag baint úsáid as contanam cáilíochta mar a léirítear thíos. Soláthraíonn an contanam cáilíochta samplaí den teanga a úsáideann cigirí agus iad ag meastóireacht agus ag cur síos ar cháilíocht sholáthar an tsuímh i ngach réimse.

Leibhéal	Cur síos	Samplaí de na téarmaí tuairisciúla
Ar fheabhas	**Is é atá i gceist le soláthar atá ar fheabhas ná soláthar atá** eiseamláireach chun freastal a dhéanamh ar riachtanais na bhfoghlaimeoirí. Is eiseamláir de chaighdeáin rí-ard é do scoileanna agus do shuíomhanna eile.	Ar fheabhas; eiseamláireach; sármhaith; ar sárchaighdeán; láidreachtaí an-suntasach ag baint leis
An-mhaith	**Is é atá i gceist le soláthar an-mhaith** ná soláthar atá an-éifeachtach agus ar chaighdeán an-ard chun freastal a dhéanamh ar riachtanais na bhfoghlaimeoirí. D'fhéadfaí tógáil ar na láidreachtaí atá ann cheana féin chun caighdeán den scoth a bhaint amach.	An-mhaith; ar chaighdeán an-ard; cleachtas an-éifeachtach; le hardmholadh; an-rathúil
Go maith	**Is é atá i gceist le soláthar atá go maith** ná soláthar atá éifeachtach chun freastal a dhéanamh ar riachtanais na bhfoghlaimeoirí. Is gá tógáil ar na láidreachtaí atá ann cheana féin chun aghaidh a thabhairt ar na gnéithe atá le forbairt agus caighdeán an-mhaith a bhaint amach.	Go maith; ar cháilíocht mhaith; cleachtas éifeachtach; fónta; inmholta; caighdeán maith; níos mó láidreachtaí ná laigí; soláthar cuí cé go bhfuil roinnt féidearthachtaí chun feabhais ann
Teastaíonn feabhas chun caighdeán maith a bhaint amach	**Níl an soláthar a éilíonn feabhas chun dea-chaighdeán a bhaint amach** sách éifeachtach chun freastal a dhéanamh ar riachtanais na bhfoghlaimeoirí. Is gá aghaidh a thabhairt ar easnaimh áirithe gan mhoill chun a chinntiú go bhfuil an soláthar ar chaighdeán maith nó níos fearr.	Measartha; níos lú ná éifeachtach; níos lú ná sásúil; is léir go bhfuil laigí follasacha ag dul i bhfeidhm ar an bhfoghlaim; deacrachtaí ann; níos mó laigí ná láidreachtaí; ní mór réimsí sonraithe a fheabhsú; gníomhaíocht chun feabhais de dhíth
Teastaíonn feabhas suntasach chun caighdeán maith a bhaint amach	**Níl an soláthar a éilíonn feabhas suntasach chun caighdeán maith a bhaint amach** ag freastal ar riachtanais na bhfoghlaimeoirí. Tá gá láithreach le gníomhaíocht shuntasach chun aghaidh a thabhairt ar na réimsí imní.	Lag; neamhéifeachtach; easnamhach; do-ghlactha; deacrachtaí suntasacha ann; easnaimh thromchúiseacha sna réimsí a ndearnadh meastóireacht orthu; gá le hathrú, forbairt agus feabhsú suntasach chun a bheith éifeachtach

An Roinn Oideachais
Department of Education

Whole School Evaluation: Management, Leadership and Learning

Report

REPORT

School name	Gaelcholáiste Phort Láirge
School address	Bishopscourt Ballygunner Waterford
Roll number	68078U
Date of evaluation	27/02/2025
Date of issue of report	25/09/2025

What is a whole-school evaluation – management, leadership and learning?

Whole-School Evaluation – Management, Leadership and Learning reports on the quality of teaching and learning and on the quality of management and leadership in a school. It affirms good practice and makes recommendations, where appropriate, to aid the further development of educational provision in the school.

How to read this report

During this inspection, the inspectors evaluated and reported under the following headings or areas of enquiry:

1. Quality of school leadership and management
2. Quality of teaching and learning
3. Quality of support for students' wellbeing

